Céard é an GBE?

Is sinne an chéad sásra praiticiúil struchtúrtha le haghaidh comhair bhreithiúnaigh atá ag feidhmiú iarbhír laistigh den Aontas Eorpach.

Cruthaíodh sinn sa bhliain 1998 le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/428 JHA chun coireacht thromchúiseach a chomhrac ar shlí dhíláraithe, sholúbtha agus chothrománach.

Sa bhliain 2008, athneartaíodh ár mbonn dlíthiúil trí Chinneadh 976/JHA ón gComhairle maidir leis an GBE agus, faoi láthair, tá os cionn 400 Pointe Teagmhála againn ar fud an AE agus, chomh maith leis sin, i dtíortha is larrthóirí agus i dTríú Tíortha!

Rúnaíocht an GBE

Is é atá sa Rúnaíocht ná an comhlacht bainistíochta atá againn chun feidhmiú agus leanúnachas an GBE a áirithiú ina iomláine. Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí na Rúnaíochta:

- A chumasú do na Pointí Teagmhála a gcúraimí a chomhall;
- Láithreán gréasáin an GBE agus a ríomhuirlisí oibríochtúla a chur ar bun, a chothabháil agus a fheabhsú;
- Faisnéis a scaipeadh chuig na Pointí Teagmhála agus chuig páirtithe leasmhara maidir le gníomhaíochtaí an GBE agus maidir le comhar breithiúnach;
- Ionadaíocht a áirithiú i nGréasáin Bhreithiúnacha eile agus i struchtúir eile i réimse an chomhair bhreithiúnaigh laistigh den AE agus lasmuigh de agus caidreamh a bhunú le gréasáin agus struchtúir den sórt sin.

Déan teagmháil linn:

EJN Secretariat

Maanweg 174
2516 AB, The Hague
The Netherlands
Tel. +31 (0) 70412 5579
Fax: +31 (0) 70412 5570
E-mail: ejn@eurojust.europa.eu
http://www.ejn-crimjust.europa.eu

Gréasán Breithiúnach Eorpach

Cén cuspóir atá againn?

Is é an aidhm atá againn ná comhar breithiúnach níos éifeachtaí a chruthú, go háirithe maidir le coireacht thromchúiseach a chomhrac ar na bealaí seo a leanas:

- Gníomhú mar idirghabhálaithe chun comhar breithiúnach a éascú;
- Faisnéis dhlíthiúil agus faisnéis phraiticiúil a sholáthar d'údaráis áitiúla inniúla lena n-áirítear an fhaisnéis sin a sholáthar trínár láithreán gréasáin;
- Tacaíocht a sholáthar i ndáil le hiarrataí ar chomhar breithiúnach;
- Cultúr breithiúnach Aontais Eorpaigh a chruthú; agus
- Comhoibriú le Gréasáin Bhreithiúnacha eile, le tríú tíortha agus le comhpháirtithe breithiúnacha.

Cur síos orainn:

Tá GBE comhdhéanta de Phointí Teagmhála agus de phobal breithiúna, ionchúisitheoirí agus ionadaithe ó na Ranna Dlí agus Cirt agus iad tiomanta go mór i leith an taithí atá acu a úsáid chun tairbhe an chomhair bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla.

Conas a oibrímid?

Comhar éifeachtach a bhaint amach:

- Cuirimid comhar breithiúnach chun cinn idir ár gcuid údarás áitiúil;
- Déanaimid faisnéis dhlíthiúil agus faisnéis phraiticiúil faoi chomhar breithiúnach a sholáthar d'údaráis bhreithiúnacha;
- Déanaimid eagrú seisiún oiliúna faoi chomhar breithiúnach a chur chun cinn;
- Tá an Comhfhreagraí Náisiúnta i ngach Ballstát freagrach as feidhmiú inmheánach an Ghréasáin; agus
- Tá an Comhfhreagraí Uirlisí i bhfeighil an fhaisnéis faoina mBallstát atá sna ríomhuirlisí a sholáthar agus a uasdátú.

Conas a chuirimid Muinín Fhrithpháirteach ar bun?

Tagaimid le chéile roinnt uaireanta sa bhliain chun eolas a bhailiú maidir leis na córais éagsúla dlí san AE, malartaímid taithí ar chomhar breithiúnach agus cuirimid aithne ar a chéile!



Conas is féidir linn cabhrú leatsa?

- Teagmhálacha díreacha a shainaithint agus a bhunú leis an údarás áitiúil inniúil i mBallstát eile a bhfuil iarraidh ar chomhar breithiúnach á seoladh agat chuige, i.e. BGE-anna agus CFD-anna;
- Faisnéis dhlíthiúil agus faisnéis phraiticiúil a fháil faoi chomhar breithiúnach i mBallstáit eile;
- Ceangal daingean teileachumarsáide a sholáthar duit;
- Idirghabháil a dhéanamh chun réiteach a fháil ar dheacrachtaí agus ar mhoilleanna a éiríonn le linn iarrataí ar chomhar breithiúnach a chur chun feidhme; agus
- Comhairle a sholáthar maidir leis an gcur chuige ceart i ndáil le comhar idir údaráis inniúla i mBallstáit i gcásanna casta coiriúla.

Tá an GBE ag feidhmiú 100%!

http://www.ejn-crimjust.europa.eu